2023.M5

2023L001G1IL

Coimisiún na Scrúduithe Stáit
State Examinations Commission

# Scrúdú na hArdteistiméireachta, 2023

# Gaeilge

## Páipéar 1
## (Cluastuiscint agus Ceapadóireacht)

## Gnáthleibhéal

## Dé Luain 12 Meitheamh    Tráthnóna 2:00 - 3:50

160 marc

**Scrúduimhir**

**Lá agus Mí do Bhreithe**

Scríobh 3 Feabhra mar 0302, mar shampla

**Stampa an Ionaid**

Rinneadh coigeartuithe ar scrúdpháipéir 2023 d'fhonn aon chur isteach ar an bhfoghlaim a tharla de bharr COVID-19 a chúiteamh. D'fhéadfadh sé nach bhfuil an struchtúr agus an leagan amach céanna ar an scrúdpháipéar seo is a bhí ar scrúdpháipéir i mblianta eile roimhe nó ina dhiaidh seo.

## Treoracha

Scríobh do Scrúduimhir agus Lá agus Mí do Bhreithe sna boscaí ar an gclúdach tosaigh.

Scríobh do chuid freagraí ar gach cuid den scrúdú seo sna spásanna atá curtha ar fáil sa fhreagarleabhar seo.

Scríobh do chuid freagraí **le peann gorm nó le peann dubh**. **Ní ceadmhach peann luaidhe a úsáid.**

Déanfar an freagarleabhar seo a scanadh agus is ar scáileán a chuirfear do chuid oibre i láthair an scrúdaitheora. Mar sin is féidir nach bhfeicfidh an scrúdaitheoir aon rud a scríobhfaidh tú taobh amuigh de bhoscaí na bhfreagraí.

Tá **dhá** chuid sa scrúdú seo.

| | | |
|---|---|---|
| Cuid I | An Chluastuiscint | **60 marc** |
| Cuid II | An Cheapadóireacht | **100 marc** |

| Cuid I | An Chluastuiscint | 60 marc |
|---|---|---|

Freagair gach cuid – A, B, C – sa fhreagarleabhar seo.
Caithfidh do chuid freagraí uile sa triail seo a bheith i nGaeilge, ach amháin nuair nach gá sin.

## Cuid A

Cloisfidh tú ***dhá*** fhógra raidió sa chuid seo. Cloisfidh tú gach fógra díobh **faoi dhó**. Beidh sos ann leis na freagraí a scríobh tar éis na chéad éisteachta ***agus*** tar éis an dara héisteacht.

### FÓGRA A hAON

**1.** **(a)** Cén bhliain a sheol Gaelchultúr club leabhar ar líne?

**(b)** Scríobh síos cineál **amháin** leabhair a roghnaítear mar leabhar na míosa.

**2.** **(a)** Cén suíomh gréasáin ar féidir leis na baill leabhar na míosa a cheannach air?

**(b)** Cá fhad a thógann sé clárú don chlub leabhar seo ar líne?

### FÓGRA A DÓ

**1.** **(a)** Cén ollscoil a chuir amach an fógra seo?

**(b)** Cén t-am a dtosóidh na cainteanna an lá sin?

**2.** Luaigh **dhá** áit a fheicfidh na scoláirí ar an turas timpeall an champais.

(i)

(ii)

## Cuid B

Cloisfidh tú ***dhá*** chomhrá sa chuid seo. Cloisfidh tú gach comhrá díobh **faoi dhó**. Cloisfidh tú an comhrá ó thosach deireadh an chéad uair. Ansin cloisfidh tú ina ***dhá*** mhír é. Beidh sos ann leis na freagraí a scríobh tar éis gach míre díobh.

**COMHRÁ A hAON**

***An Chéad Mhír***

**1**. Cén t-ainm atá ar an ngrúpa timpeallachta áitiúil a d'eagraigh an glantachán trá?

**2.** Cén cineál bruscair is mó a bhailigh siad ar an trá?

***An Dara Mír***

**1.** Cá raibh Íde coicís ó shin?

**2.** Scríobh síos rud **amháin** a deir Íde a d'fhág a lán daoine ina ndiaidh nuair a bhí siad ag imeacht abhaile maidin Dé Luain.

**COMHRÁ A DÓ**

***An Chéad Mhír***

**1.** Cén uair a tháinig Gráinne ar ais ó Mhaidrid?

**2.** Cá fhad a mhaireadh na ranganna Spáinnise gach maidin?

***An Dara Mír***

**1.** Luaigh áit **amháin** a dtéadh Gráinne agus Maria ar an Satharn.

**2.** Scríobh síos an rud nach bhfuil Gráinne ag tnúth leis.

## Cuid C

Cloisfidh tú ***dhá*** phíosa nuachta sa chuid seo. Cloisfidh tú gach píosa díobh **faoi dhó**. Beidh sos ann leis na freagraí a scríobh tar éis na chéad éisteachta ***agus*** tar éis an dara héisteacht.

**PÍOSA A hAON**

**1.** Cén áit i mBaile Átha Cliath a raibh Gradaim Phodchraoltaí na hÉireann ar siúl?

**2.** Cá gcraoltar an podchraoladh Gaeilge *An Spota Dubh*?

**PÍOSA A DÓ**

**1.** Cathain a fuair Pelé bás?

**2.** Cén aois a bhí ag Pelé nuair a d'imir sé i gCorn an Domhain den chéad uair?

## Cuid II An Cheapadóireacht 100 marc

## Treoracha

Ní mór do na hiarrthóirí cúram a dhéanamh de chruinneas na teanga.

Caillfear marcanna má bhítear faillitheach ann.

Ní mór ceangal cinnte leanúnach a bheith ann idir an teideal a roghnaítear agus an t-ábhar a scríobhtar.

| Cuid II | An Cheapadóireacht | 100 marc |
|---|---|---|

Freagair do rogha **dhá cheann** de **A, B, C, D** anseo.

| A | Giota Leanúnach/Blag | 50 marc |
|---|---|---|

Scríobh **giota leanúnach** nó **blag** (leathleathanach nó mar sin) ar cheann **amháin** de na hábhair seo.

(i) An áit is fearr liom ar domhan.

(ii) Na rudaí a chuireann brón orm.

(iii) Bronntanas iontach a fuair mé.

| B | Scéal | 50 marc |
|---|---|---|

Ceap **scéal** (leathleathanach nó mar sin) a mbeadh ceann **amháin** de na sleachta seo a leanas oiriúnach mar ***thús*** leis.

(i) Bhí gach rud i mo mhála agam. Bhí mé réidh le himeacht. Go tobann, bhuail an fón …

**nó**

(ii) Bhí an dioscó ar siúl san óstán. Níor tugadh cead isteach dom. Bhí mé i gcruachás …

| C | Litir/Ríomhphost | 50 marc |
|---|---|---|

(i) Bhí ceolchoirm ar siúl i halla na scoile le déanaí. Ghlac tú féin páirt sa cheolchoirm sin. Scríobh **an litir/an ríomhphost** (leathleathanach nó mar sin) a chuirfeá chuig do dheartháir/do dheirfiúr ag insint dó/di faoin gceolchoirm sin agus faoin airgead a bhailigh sibh.

**nó**

(ii) Bhog teaghlach ó thír eile isteach i do cheantar le déanaí. Scríobh **an litir/an ríomhphost** (leathleathanach nó mar sin) a chuirfeá chuig cara leat ag insint dó/di faoin teaghlach sin agus faoin gcineál saoil atá acu anseo in Éirinn.

| D | Comhrá | 50 marc |
|---|---|---|

(i) Tá post páirtaimseartha agat. Ceapann do thuismitheoirí go bhfuil tú ag sábháil cuid den airgead a thuilleann tú ach caitheann tú an t-airgead go léir.
Scríobh **an comhrá** (leathleathanach nó mar sin) a bheadh agat le do thuismitheoirí faoin ábhar sin.

**nó**

(ii) Tá tairiscintí CAO díreach faighte agat féin agus ag do chara. Fuair tú féin do chéad rogha ach ní bhfuair do chara an cúrsa a bhí ag teastáil uaidh/uaithi. Scríobh **an comhrá** (leathleathanach nó mar sin) a bheadh agat le do chara faoin ábhar sin.

Ceist

Tosaigh gach ceist ar leathanach nua

Cuid

Ceist

Tosaigh gach ceist ar leathanach nua

Cuid

Ceist

Tosaigh gach ceist ar leathanach nua

Cuid

Ceist

Cuid

Tosaigh gach ceist ar leathanach nua

Ceist

Tosaigh gach ceist ar leathanach nua

Cuid

Ceist

Tosaigh gach ceist ar leathanach nua

Cuid

Ceist

Tosaigh gach ceist ar leathanach nua

Cuid

Ceist

Tosaigh gach ceist ar leathanach nua

Cuid

Ná scríobh ar an leathanach seo

**Fógra cóipchirt**
D’fhéadfadh sé go bhfuil téacsanna nó íomhánna sa scrúdpháipéar seo nach é Coimisiún na Scrúduithe Stáit úinéir an chóipchirt orthu, agus d’fhéadfadh sé gur athchóiríodh iad, chun críche an mheasúnaithe, gan cead na n-údar a fháil roimh ré. Ullmhaíodh an scrúdpháipéar seo de réir Alt 53(5) den *Acht um Chóipcheart agus Cearta Gaolmhara, 2000*. Ní údaraítear aon úsáid dá éis chun aon chríche ach amháin chun na críche dá bhfuil sé beartaithe. Ní ghlacann an Coimisiún aon dliteanas as sárú ar bith ar chearta tríú páirtí a eascraíonn as dáileadh ná as úsáid neamhúdaraithe an scrúdpháipéir seo.

Scrúdú na hArdteistiméireachta – Gnáthleibhéal

# Gaeilge - Páipéar 1
# (Cluastuiscint agus Ceapadóireacht)

Dé Luain 12 Meitheamh

Tráthnóna 2:00 - 3:50